



PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6

Ceacht: 13 Cluiche Corr

Ionad:

Clós na Scoile/Halla/Páirc na hImeartha

Trealamh:

Cóin, liathróidí cluiche corr nó leadóige, bataí an chluiche corr, camáin nó raicéid leadóige

Ceacht
13
Cluiche Corr

Snáithaonad: Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

Spriocanna Curaclaim:

Cleachtadh ar scileanna atá foghlamtha cheana
Cleachtadh agus forbairt ar réimse scileanna buailte
Cleachtadh agus forbairt ar réimse scileanna láimhseála na liathróide

- An greim ceart ar an mbata
- Babhláil na liathróide chuig targaid, bailiú na liathróide agus í ag gluaiseacht
- Bualadh na liathróide tríd an aer agus tú i do sheasamh
- Bualadh na liathróide chuig comrádaí leis an mbata

Snáithaonad: Cruthú agus Imirt Cluichí

Spriocanna Curaclaim:

Daltaí ag imirt leagain laghdaithe de cluichí

- “Cluiche Corr Díamaint”
- “Cluiche Corr Ciorclach”

Nascáil:

Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)
Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith, Léim & Caitheamh

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



GAA
Learning



Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary

Tagairtí:

Curaclam na mBunscoileanna
Corpoideachas (1999)
Treoirínite do Mhúinteoirí
Corpoideachais (1999)

Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna
<http://www.ppds.ie/pcsparchive/pe/psi.clickme.html>

Fun Do GAA Learning Resource Pack (2007)





Snáithe: Cluichí Eagrú

- Bata/raicéad ag gach dalta nó ceann idir gach beirt
- Déanadh na daltaí ciorcal timpeall ar imeall an chlóis/halla



Eagrú

- Roinn na daltaí ina ngrúpaí, cúigear i ngach grúpa
- Seasadh siad mar atá sa léaráid
- Bíodh duine acu, an 'coachálaí' amach chun cinn
- Cinntigh nach dtiocfaidh aon dalta chuig an ionad buailte go mbeidh an liathróid buailte ag an té atá roimhe



Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6 Gníomh 1 – Greim ar an mBata

- An bata/raicéad dirithe ar an spéir in airde
- Déan cleachtadh trí chrotanna éagsúla a tharraingt san aer leis an mbata ag baint úsáide as na rostaí



Gníomh 2 – Coimead an Ciotal ar Fiuchadh

- Déanann na grúpaí iarracht an imirt a choineáil sa tsiúl
- Ar a seal, bogann gach duine sa ghrúpa chun cinn go dtí an cón agus buaileann an liathróid ar ais chuig an 'gcoachálaí'. Filleann siad láithreach ar chúl an líne
- Spreag na daltaí dul sa tóir ar scóranna arda trí dhreasanna go leor a bhaint amach



Pointí Teagaisc

- Beir greim ar bharr an chamáin leis an lámh cheannasach
- Déan ceangal idir í agus an lámh neamhcheannasach
- Coinnigh an bata ag leibhéal an chliabhraigh agus chun cinn ar an ngualainn chúil
- Ba chóir go mbeadh ar chumas an dalta greim daingean, nó 'tachtadh daingean', leis an dá lámh, a bheith aige/aici ar lámh an bhata/raicéad
- Bíodh dóthain spáis ag gach dalta chun an bata/raicéad a luascadh ar shlí shábháilte

Pointí Teagaisc

- Cinntigh nach dtiocfaidh aon dalta chuig an ionad buailte go mbeidh an liathróid buailte ag an té atá roimhe

Snáithe: Cluichí

Eagrú


- Roinn na daltaí ina ngrúpaí, cúigear nó seisear i ngach grúpa
- Seasanan na daltaí faoi mar atá sa léaráid
- Úsáideann an slacaí camán a bhfuil bos leathan air nó raicéad



Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6

Gníomh 3 – Cluiche Corr gan Stad

- Caitear 5 liathróid chuig an slacaí, lámh in íochtar
- Chun rith a scóráil, ní mór go mbeadh an slacaí rite chomh fada leis an gcón agus ar ais sula mbeidh an liathróid caite ar ais ag an gceapadóir chuig an mbabhlálaí
- Má shroicheann an liathróid an babhlálaí agus an slacaí ar an mbealach ar ais, tugtar leath-scór
- Ní féidir a rá go bhfuil an slacaí 'amuigh'
- Agus 5 bolla caite, bogann gach imreoir áit chun cinn



Pointí Teagaisc

Bí san airdeall·

- An slacaí a bheith ina sheasamh cliathánach
- Lámha na gceapadóirí a bheith faoi réir chun an liathróid a ghlacadh agus a sheoladh ar ais (os cionn láimhe) chuig an mbabhlálaí
- Glaoch 'stad' ón mbabhlálaí agus comhaireamh ar an scór atá faighte aige/aici ón slacaí
- Ní fhágann gabháil dhá láimh ó ghlacadóir nach féidir leis an slacaí leanacht ar aghaidh

Snáithe: Cluichí

Eagrú


- Roinn na daltaí ina ngrúpaí, ochtar i ngach grúpa
- Bíodh uimhir ag gach dalta ar mhaithe leis an ord buailte
- Scóráiltear rití trí rith timpeall imlíne an chiorcail
- Agus é críochnaithe leis an mbata, déanann an dalta babhláil ansin



Leibhéal Ranga: Ranganna 5 & 6

Forbairt – Cluiche Corr Ciorcail

- Seasann an té a bhfuil an bata aige/aici i lár an chiorcail, os comhair an gheaitín – 3 nó 4 cón - nó stumpaí cruicéid nuair a thagann feabhas ar scileanna
- Ní mór do na ceapadóirí seasamh taobh amuigh den chiorcal
- Bíonn 5 chath bolla ag gach slacaí
- Bíonn cead rith ag an slacaí má bhuaileann sé/sí an liathróid lasmuigh den chiorcal
- Beireann na ceapadóirí ar an liathróid agus caitheann í, féachaint geaitín an tslacaí a bhualadh
- Ní ceadaithe dóibh rith leis an liathróid nó dul laistigh den chiorcal
- Coiníonn an slacaí air/uirthi ag rith nó go mbuailtear an geaitín nó go mbíonn 5 rith scóráilte
- Ní áirítear an slacaí a bheith ‘amuigh’ nuair a buailtear an geaitín, ach gur gá dó/di stopadh ag rith
- Nuair a bhíonn 5 chath bolla déanta, téann an slacaí i mbun babhlála agus is ag Uimhir 2 a bhíonn an bata



Pointí Teagaisc

- Sa chás go bhfanann liathróid nach mbuaileann an geaitín laistigh sa chiorcal, Ní ceadaithe do na ceapadóirí dul isteach sa chiorcal lena bailiú agus is féidir leis an té a bhfuil an bata aige/aici 5 rith a scóráil
- C Cén tábhacht a bhaineann le hoibriú mar bhall foirne?**

